Litir shamplach chuig Tuismitheoirí/ Caomhnóirí le haghaidh daltaí faoi 16

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara

M.l.: Uimhir Foghlaimeora Uathúil do gach dalta 14+ bliana in iarbhunscoileanna

Tá Uimhir Foghlaimeora Uathúil (*ULN*) tugtha isteach i scoileanna ag an Roinn Oideachais le haghaidh daltaí atá 14 bliana d'aois nó os a chionn. Tá mé ag scríobh chugat lena chur in iúl duit go n-eiseofar *ULN* do do pháiste gan mhoill.

Uimhir thagartha 10 ndigit atá san *ULN* a chuireann aon taifead foghlama comhsheasmhach amháin ar fáil. Úsáidtear seo taobh le Taifead Foghlama Pearsanta digiteach (*dPLR*). Gheobhaidh gach foghlaimeoir atá os cionn 14 bliana d'aois Taifead Foghlama Pearsanta digiteach (*dPLR*) mar aon lena nUimhir Foghlaimeora Uathúil (*ULN*). Taifead fíoraithe ar líne ar ghnóthachtáil agus cáilíochtaí an dalta aonair atá sa *dPLR* a thig leo a rochtain i rith a n-oideachais agus a ngairm bheatha. Tá sé i gceist gurbh fhéidir (ach aontú an duine aonair a fháil) na taifid (*dPLRs*) seo a roinnt le heagraíochtaí cuí, amhail institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais, *UCAS,* an tSeirbhís Gairmeacha agus soláthróirí oiliúna. Tá níos mo eolais le fáil ar shuíomh gréasáin Rialacháin CCEA - http://ccea.org.uk/regulation/guidance/unique_learner_number

Le himeacht ama, úsáidfear na hUimhreacha Foghlaimeora Uathúla (*ULNs*) le haghaidh iontrálacha scrúduithe agus le haghaidh torthaí a eisiúint ina dhiaidh sin. Is dócha go n-úsáidfear iad, mar aon leis an Taifead Foghlama Phearsanta dhigiteach (*dPLR*) mar chuid den phróiseas iontrála don bhreisoideachas agus don ardoideachas. Tá a lán buntáistí leis an uimhir seo a úsáid, lena n-áirítear na rudaí uilig atá bainte amach ag an dalta ar scoil agus taobh amuigh den scoil a bhailiú le chéile, agus rollú/dul chun cinn maidir le Breisoideachas, Oiliúint, agus Ollscoil a dhéanamh níos éifeachtaí.

Gheobhaidh gach foghlaimeoir Uimhir Foghlaimeora Uathúil (*ULN*) agus Taifead Foghlama Pearsanta digiteach (*dPLR*). Is faoi fhoghlaimeoirí cinneadh a dhéanamh cé acu a roinnfidh siad a dTaifead Foghlama Pearsanta le gníomhaireachtaí agus forais oideachais chuí eile. Tá Fógra Príobháideachais iniata leis an litir seo. Tá breis sonraí faoi roinnt sonraí istigh ann.

Mise le meas,

PRÍOMHOIDE